**Nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh**

(2022/C 417/08)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear leis seo na Nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

*Ar leathanach 343, i ndiaidh an Nóta míniúcháin a ghabhann leis an bhfo-cheannteideal 8479 40 00, cuirtear isteach an Nóta míniúcháin seo a leanas:*

"**8479 89 70** **Meaisíní suite comhpháirteanna leictreonacha uathoibríocha de chineál a úsáidtear go príomha chun cóimeálacha ciorcad priontáilte a mhonarú nó chuige sin amháin**

Cuimsítear faoin bhfo-cheannteideal seo meaisíní cóimeála clár ciorcad priontáilte a úsáidtear chun comhpháirteanna gníomhacha, éighníomhacha nó cónascacha a ghléasadh ar chiorcaid phriontáilte (meaisíní pioc suas agus suigh). Cuirtear na comhpháirteanna sin isteach sa mheaisín go huathoibríoch ar théipeanna (criosanna). Déanann na meaisíní na comhpháirteanna a shuí go díreach ag na suíomhanna atá beartaithe agus gléasann siad iad ar an gciorcad clóite. Tar éis ghléasadh na gcomhpháirteanna, socraítear iad ar an gciorcad clóite trí shádráil nó nascadh teagmhála a dhéanamh orthu, mar shampla. Cé is moite de chóimeáil gaireas leathsheoltóra, is féidir leis na meaisíní sin comhpháirteanna eile a phiocadh suas agus a shuí ar shubstráití";

agus sa Nóta míniúcháin a ghabhann leis an bhfo-cheannteideal 8479 89 97, scriostar pointe 3.

Ar leathanach 357, scriostar an Nóta míniúcháin a ghabhann leis an bhfo-cheannteideal 8529 90 92.

([1]) IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.
([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.